



A aithint go bhfuil na meáin agus an fhógraíocht mórthimpeall orainn i ngach áit agus a thuiscint go n-íocann fógróirí daoine chun a dteachtaireachtaí a chur chun cinn, mar shampla chun rud éigin a ‘dhíol’

Cuspóir Foghlama

Ba cheart go mbeadh na leanaí in ann a aithint go bhfuil na meáin agus an fhógraíocht mórthimpeall orthu i ngach áit agus a thuiscint go n-íocann fógróirí daoine chun a dteachtaireacht a chur chun cinn, mar shampla chun rud éigin a ‘dhíol’.

Toradh Foghlama

Ba cheart go mbeadh an leanaí in ann cineálacha éagsúla meáin a aithint a fheiceann siad gach lá; a thuiscint go bhfuil fógraíocht mórthimpeall orthu i ngach áit; a aithint go n-íocann fógróirí daoine chun a dteachtaireacht a chur chun cinn. Ba cheart go dtuigfeadh na leanaí, i ndiaidh an cheachta go ndéanann fógraíocht iarracht ceann de cheithre sprioc a bhaint amach:

- Rud éigin a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
- Áitiú orainn táirge nó branda a cheannach
- Áitiú orainn ár n-iompar a athrú
- Dearcadh a chur chun cinn

Nótaí an Mhúinteora

Tugtar meáin chumarsáide ar na bealaí éagsúla atá ann teachtaireacht a chur chun cinn. Ina measc tá meáin a mbeifeá ar an eolas fúthu cosúil le hirisleabhair, an teilifís, an raidió agus suíomhanna gréasáin. Ach áiríonn sé freisin bealaí eile nach bhfuil chomh follasach mar shampla téacstheachtaireachtaí, urraíocht agus fiú amháin lógónna de bhrandaí ar éadaí. Tá meáin mórthimpeall orainn an t-am ar fad, cé nach gá go mbeimis in iúl air sin.

Déan tuilleadh iniúchadh ar na ceithre sprioc atá ag fógraíocht:

- Rud éigin a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
- Áitiú orainn táirge nó branda a cheannach
- Áitiú orainn ár n-iompar a athrú
- Dearcadh a chur chun cinn

Acmhainní

- An Físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?*
- Gníomhaíocht 1.1
- Gníomhaíocht 1.2
- Gníomhaíocht 1.3
- Gníomhaíocht 1.4
- Soláthairtí ealaíne le haghaidh póstaer

Modheolaíocht

- Caint agus plé – Gníomhaíocht 1.1, Tobsmaointeoireacht, Cén Meán?
- Comharfhoghlaim – Gníomhaíocht 1.1
- Foghlaim ghníomhach – Cén áit is fearr chun Fógraíocht a dhéanamh?
- Ag úsáid na timpeallachta – Cén áit is fearr chun Fógraíocht a dhéanamh?

Ceacht 1



Cur Chuige

Céim 1: An Físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?*

- Inis do na leanaí go bhfuil siad chun breathnú ar fhíseán gearr maidir leis na meáin agus le fógraíocht.
- Seinn an físeán *Cad iad na Meáin Chumarsáide?* atá ar fáil ar an suíomh gréasáin www.MediaWise.ie
- I ndiaidh an fhíseáin, mínigh do na leanaí go dtugtar ‘meáin’ ar an cineálacha éagsúla cumarsáide ina bhfuiltear ag iarraidh teachtaireacht a chur in iúl.
- Fiafraigh de na leanaí an cuimhin leo aon mheán a chonaic siad san fhíseán.
- Mínigh dóibh gur féidir a áireamh sna meáin sin nithe a mbeifí in iúl orthu, mar shampla irisleabhair, an teilifís, raidió agus suíomhanna gréasáin. Ach go n-áiríonn sé freisin meáin eile nach bhfuil chomh follasach amháil téacstheachtaireachtaí, lógónna ar éadaí, boscaí gránaigh don bhricfeasta, meaisíní sneaiceanna agus aipeanna ar ár dtáibléid.
- Inis do na leanaí go gcloisimid agus go bhfeicimid faisnéis ó na meáin gach lá.
- Mínigh do na leanaí go leanfaidh siad orthu ag foghlaim faoi na meáin, ach idir an dá linn gur cheart dóibh súil a choinneáil amach do na teachtaireachtaí a fheiceann siad agus a chloiseann siad ina dtimpeall.
- Cuir i gcuimhne do na leanaí go dtugtar ‘na meáin’ ar na bealaí éagsúla atá ann teachtaireachtaí a chur in iúl.




Físeán

Céim 2: Cad iad na Meáin Chumarsáide?

- Inis do na leanaí go bhfuil a lán cineálacha éagsúla meáin ann.
- Breathnaigh ar Ghníomhaíocht 1.1. Ar thaobh amháin tá liosta de mheáin éagsúla. Ar an taobh eile tá liosta sainmhínte ar na cineálacha éagsúla meáin. Ach níl siad meaitseáilte.
- Iarr ar na leanaí an meán cuí a mheaitseáil leis an sainmhíniú don mheán sin, nó is féidir leo gach meán agus sainmhíniú a ghearradh amach agus iad a ghreamú taobh le taobh ar bhileog ar leith.

Is féidir leis na leanaí na meáin agus na sainmhínte seo a leanas a cheangal lena chéile.

- Tá sé seo déanta as páipéar agus is féidir leat é a léamh? *Nuachtán*
- Seans go bhfuil ceann díobh seo i lár do sheomra suí, taispeántar íomhánna air agus is féidir leat breathnú ar chláir theilifíse air? *Teilifís*
- Is féidir é seo a chur ar do ghlúine agus cluichí a imirt air. *Ríomhaire glúine*
- Is féidir glaonna a dhéanamh air seo, ach is féidir é a úsáid freisin chun brabhsáil ar an idirlíon nó chun cluichí a imirt air. *Fón póca*
- Tá sé seo níos mó ná fón póca ach is féidir é a úsáid chun brabhsáil ar an idirlíon nó chun cluichí a imirt air. *Táibléad*
- Tá sé seo déanta as páipéar agus tá sé ildaite, is féidir scéalta a léamh ann agus breathnú ar phictiúr ann. *Greannán*
- Tá siad seo ar chláir fógraí ar fud an bhaile nó na cathrach. Spreagann siad daoine chun rud éigin a cheannach, mar shampla deoch, bia nó seirbhís. *Póstaer*
- Tar éis dóibh an ghníomhaíocht seo a chur i gcrích iarr ar na leanaí a gcuid oibre a roinnt leis an rang agus a mhíniú cén fáth ar mheaitseáil siad meán ar leith le sainmhíniú ar leith.




Gníomhaíocht 1.1



Cur Chuige ar lean

Céim 3: An Cluiche ‘Meitseáil an Meán’


- Inis do na leanaí go bhfuil cuspóir ag gach cineál meáin.
- Tá siad chun breathnú ar chineálacha éagsúla meáin agus ar na teachtaireachtaí a chuireann siad ina luí orainn.
- D’fhéadfadh an múinteoir Gníomhaíocht 1.2 a ghearradh amach, léamh trí liosta na gcineálacha meáin agus ansin an liosta cuspóirí a léamh.
- Tabhair na meáin éagsúla do roinnt de na leanaí, agus na cuspóirí atá leis an meáin sin do leanaí eile.
- Beidh ar na leanaí siúl timpeall an tseomra go dtí go n-aimsíonn siad an leanbh ag a bhfuil an cuspóir a ghabhann leis an meán atá acusan.
- Chomh luath agus atá an meán agus an cuspóir meitseáilte lena chéile, míneoidh na foirne éagsúla na meáin sin don rang.
- Is féidir leis na leanaí an nasc a fheiceáil idir na meáin seo a leanas agus na nithe a bhíonn á bhfógairt orthu:
 - Cineama – Réamhbhlaiseadh scannáin chun scannán nua a chur chun cinn
 - Irisleabhair – Fógraí le haghaidh bréagán nó cluiche nua
 - Lógónna ar theachtaireachtaí ar éadaí – Spreagadh chun branda nua éadaí a cheannach
 - Póstaeir – Bréagán, cluiche, bia nó scannán nua a chur chun cinn
 - Teilifís – Fógraíocht chun bréagán, cluiche, bia nó scannán nua a chur chun cinn
 - Raidió – Fógraíocht le haghaidh scannáin nó albam ceoil nua
 - Suíomhanna Gréasáin – Bréagán, cluiche, bia nó scannán nua a chur chun cinn
 - Físchluichí – Réamhbhlaiseadh chun físchluichí nua a chur chun cinn
 - Aipeanna ar tháibléid – Fógraí chun bréagán, cluiche, bia nó scannán nua a chur chun cinn
 - Meáin Shóisialta – Fógraí chun bréagán, cluiche, scannán, albam ceoil, nó tairiscint speisialta bia a chur chun cinn.



Gníomhaíocht 1.2

Céim 4: Tobsmainteoireacht

- Míneoidh do na leanaí go bhfuil a lán rudaí a cheannaímid agus a úsáidimid gach lá atá déanta ag cuideachtaí – bia, éadaí, cluichí, leabhair, bréagáin agus teicneolaíocht.
- Teastaíonn ó na cuideachtaí sin go gceannóimis agus go n-úsáidimis a dtáirgí.
- Íocann na cuideachtaí sin cuideachtaí fógraíochta chun a dtáirgí a chur chun cinn.
- Míneoidh do na leanaí go bhfuil ceann de cheithre sprioc ag an bhfógraíocht:
 - Rud éigin a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
 - Áitiú orainn táirge nó branda a cheannach
 - Áitiú orainn ár n-iompar a athrú
 - Dearcadh a chur chun cinn
- Iarr ar na leanaí samplaí a thabhairt de na nithe seo a leanas a dteastódh ó cuideachtaí iad a chur chun cinn ionas go gceannóimis iad: bia, éadaí, cluichí, leabhair, bréagáin agus teicneolaíocht.
- Míneoidh do na leanaí go bhfuil siad chun roinnt tobsmainteoireachta dhéanamh i mbeirteanna nó i ngrúpaí agus teacht ar shamplaí de na nithe sin (bia, éadaí etc.)
- Is féidir leo na samplaí a bhreacadh síos nó roinnt de na táirgí sin a tharraingt nó úsáid a bhaint as Gníomhaíocht 1.3.
- Tar éis dóibh an ghníomhaíocht a chríochnú iarr ar an leanaí ar mhaithe leo a gcuid oibre a roinnt leis an gcuid eile den rang agus a mhíniú cén fáth ar roghnaigh siad na táirgí áirithe sin.



Gníomhaíocht 1.3



Cur Chuige ar lean

Céim 5: Cad iad na Meáin?

- Míneigh do na leanaí go bhfuil cuideachtaí ann a dteastaíonn uathu go gceannóimis a gcuid táirgí.
- Fiafraigh de na leanaí ar chuala siad trácht ar tháirgí nó an bhfaca siad aon cheann de na táirgí a tharraing siad i nGníomhaíocht 1.3 agus é fógartha ar an teilifís, ar an raidió, ar an idirlíon, sna meáin shóisialta, i ngreannáin nó ar phóstaeir?
- Míneigh do na leanaí gur féidir leo roinnt de na smaointe ó Gníomhaíocht 1.3, a úsáid agus an meán is oiriúnaí, dar leo, a mholadh chun é sin a chur chun cinn. Is féidir leo roghnú táirgí a fhógairt agus meascán de mheáin éagsúla á úsáid acu.
- I ngrúpaí, féadfaidh na leanaí a smaointe a thiomsú agus úsáid a bhaint as Gníomhaíocht 1.4 chun rogha a dhéanamh conas a dhéanfaidís fógraíocht ar tháirgí ar an teilifís, ar an raidió, sna meáin shóisialta, in irisleabhair, i ngreannáin nó ar phóstaeir.
- Tar éis dóibh an ghníomhaíocht sin a chur i gcrích iarr ar na leanaí ar mhaith leo a gcuid oibre a roinnt leis an rang agus a mhíniú cén fáth ar roghnaigh siad na cineálacha sin meáin chun fógraíocht a dhéanamh ar a dtáirgí.

Teilifís
Raidió
Idirlíon
Meáin Shóisialta
Irisleabhair
Greannáin
Póstaeir

Gníomhaíocht 1.4

Céim 6: Cén áit is fearr chun Fógraíocht a dhéanamh?

- Míneigh do na leanaí go bhfuil cuideachtaí ag iarraidh go gceannóimis a gcuid táirgí (bia, éada, cluichí, leabhair, bréagáin agus teicneolaíocht) agus go n-íocann siad as meáin a úsáid, mar shampla irisleabhair, seónna teilifíse, aipeanna táibléid agus suíomhanna gréasáin chun a insint dúinn faoina dtáirgí nua. Tugtar fógraíocht air sin.
- Míneigh dóibh nach bhfuil sé saor in aisce fógraíocht a dhéanamh. Déanta na fírinne, tá sé an-chostasach.
- Iarr ar na leanaí ar mhaith leo fógra a chruthú le haghaidh gach táirge ar smaoinigh siad air inniu.
- Chomh luath agus atá a dtáirgí roghnaithe acu ó raon bia, éadaí, cluichí, bréagán agus teicneolaíochtaí, is féidir leo an cineál fógraíochta is oiriúnaí a roghnú chun fógraíocht a dhéanamh ar an táirge sin.
 - Teilifís
 - Raidió
 - Idirlíon
 - Meáin Shóisialta
 - Irisleabhair
 - Greannáin
 - Póstaeir.
- Na leanaí ar mhian leo cineálacha éagsúla meáin a chruthú, is féidir leo obair i mbeirteanna ar a bhfógraí.
- Is féidir leis na leanaí script ghearr a scríobh nó aisteoireacht a dhéanamh ar a bhfógraí don teilifís, don raidió, don idirlíon nó do na meáin shóisialta.
- Is féidir leis na leanaí pictiúr a tharraingt de roinnt de na focail chun fógraíocht a dhéanamh ar na meáin sóisialta, in irisleabhair, i ngreannáin nó ar phóstaeir.
- Tar éis dóibh gníomhaíocht a chur i gcrích iarr ar na leanaí ar mhaith leo a gcuid oibre a roinnt leis an rang.
- Na leanaí a roghnaigh fógraí teilifís nó raidió, is féidir leo iad a aisteoireacht os comhair an ranga. D'fhéadfadh an múinteoir é a thaispeáint agus a thaispeáint ar tháibléad, ar ghuthán nó ar fhíthaispeáint.
- Is féidir leis na leanaí pictiúr a tharraingt chun fógraíocht a dhéanamh ar na meáin shóisialta, in irisleabhair, i ngreannáin nó ar phóstaeir chun a gcuid oibre a chur ar taispeáint sa seomra ranga.